GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Bealtaine 1997

ag dréachtú an Phrótacail maidir le léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe pointe (c) d'Airteagal K.3 (2) de,

Ag féachaint d'Airteagal 17 den Choinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh,

De bhrí go bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal K.3 (2) den Chonradh go bhféadfaidh na Coinbhinsiúin arna ndréachtú ar bhonn Airteagal K.3 de a fhoráil go mbeidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun forálacha na gCoinbhinsiún sin a léiriú de réir na rialacha mionsonraithe a fhéadfaidh siad a shainiú;

Tar éis dearcadh Pharlaimint na hEorpa [1] a scrúdú i ndiaidh don Uachtaránacht dul i gcomhairle léi i gcomhréir le hAirteagal K.6 den Chonradh;

TAR ÉIS A CHINNEADH go ndréachtaítear leis seo an Prótacal a bhfuil an téacs de i gceangal leis seo agus atá sínithe ar an lá seo ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát;

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 1997.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

W. SORGDRAGER

---

[1] Tuairim tugtha ar an 11 Aibreán 1997 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil).

PRÓTACAL

arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo is Ballstáit den Aontas Eorpach,

AG TAGAIRT DÓIBH do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 26 Bealtaine 1997,

AG TAGAIRT DÓIBH d'Airteagal 17 den Choinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh lena bhforáiltear go mbeidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialuithe a thabhairt ar léiriú ar an gCoinbhinsiún sin;

ÓS MIAN LEO na coinníollacha a rialáil faoina mbeidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialuithe a thabhairt ar cheisteanna i dtaobh léiriú ar an gCoinbhinsiún sin agus ar an bPrótacal seo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

I gcomhréir le hAirteagal 17 den Choinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear anseo feasta 'an Coinbhinsiún', beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, chun rialuithe a thabhairt ar léiriú ar an gCoinbhinsiún agus ar an bPrótacal seo.

Airteagal 2

1. Féadfaidh na cúirteanna seo a leanas a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar cheisteanna i dtaobh léiriú:

(a) na cúirteanna is airde seo a leanas de chuid na mBallstát:

— sa Bheilg: 'la Cour de Cassation — het Hof van Cassatie' agus 'le Conseil d'État — de Raad van State',

— sa Danmhairg: 'Højesteret',

— sa Ghearmáin: 'die obersten Gerichtshöfe des Bundes',

— sa Ghréig: 'τα Ανώτατα δικαστήρια',

— sa Spáinn: 'el Tribunal Supremo',

— sa Fhrainc: 'la Cour de Cassation' agus 'le Conseil d'État',

— in Éirinn: 'an Chúirt Uachtarach',

— san Iodáil: 'la Corte suprema di cassazione' agus 'il Consiglio di Stato',

— i Lucsamburg: 'la Cour Supérieure de justice' ina suí di mar 'Cour de cassation',

— san Ísiltír: 'de Hoge Raad',

— san Ostair: 'der Oberste Gerichtshof', 'der Verwaltungsgerichtshof' agus 'der Verfassungsgerichtshof',

— sa Phortaingéil: 'o Supremo Tribunal de Justiça' agus 'o Supremo Tribunal Administrativo',

— san Fhionlainn: 'korkein oikeus/högsta domstolen', 'korkein hallinto-oikeus/högsta förvaltnings-domstolen',

— sa tSualainn: 'Högsta domstolen', 'Regeringsrätten', 'Arbetsdomstolen' agus 'Marknadsdomstolen',

— sa Ríocht Aontaithe: 'the House of Lords';

(b) cúirteanna na mBallstát ina suí dóibh i gcáil achomhairc.

2. Arna iarraidh sin don Bhallstát i dtrácht, féadfar liosta na gcúirteanna is airde dá dtagraítear i bpointe 1 (a) a mhodhnú le cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

1. Nuair a ardaítear ceist i dtaobh léiriú i gcás atá ar feitheamh os comhair ceann de na cúirteanna atá liostaithe i bpointe (a) d'Airteagal 2 (1), féadfaidh an chúirt sin, má mheasann sí gur gá breith ar an gceist sin chun go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt uirthi.

2. Nuair a ardaítear ceist den sórt sin os comhair cúirt dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2 (1), féadfaidh an chúirt sin, faoi na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt uirthi.

Airteagal 4

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar cheist i dtaobh léiriú má tá breithiúnais ó chúirteanna sa Bhallstát sin i gcodarsna leis an léiriú a thug an Chúirt Bhreithiúnais nó a tugadh i mbreithiúnas ó chúirt de chuid Ballstáit eile dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2 (1), más Páirtí sa Phrótacal seo an Ballstát sin. Ní bheidh forálacha na míre seo infheidhme ach ar bhreithiúnais a bhfuil éifeacht *res judicata* leo.

2. Ní dhéanfaidh an léiriú a thabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais de bhun iarraidh den sórt sin difear do na breithiúnais ba bhun leis an léiriú sin a iarraidh.

3. Beidh Ionchúisitheoirí Ginearálta chúirteanna uachtaracha achomhairc na Stát Conarthach, nó aon údarás eile arna ainmniú ag Ballstát, i dteideal rialú ar léiriú a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhréir le mír 1.

4. Tabharfaidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais fógra faoin iarraidh do na Ballstáit, don Choimisiún agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh; beidh siadsan i dteideal ansin, laistigh de dhá mhí tar éis don fhógra a bheith tugtha, sonraithe cáis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

5. Ní dhéanfar aon táillí a thobhach ná aon chostais nó aon chaiteachas a dhámhachtain i leith na n-imeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

Airteagal 5

Beidh an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte sin infheidhme.

Airteagal 6

Ní fhéadfaidh an Prótacal seo a bheith faoi réir forchoimeádais ar bith.

Airteagal 7

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don taiscí go bhfuil a rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlíonta acu.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm 90 lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an tríú Stát is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an Ghnímh ag dréachtú an Phrótacail seo a dhéanfaidh an beart sin. Ar a shon sin, tiocfaidh sé i bhfeidhm ar a luaithe san am céanna leis an gCoinbhinsiún.

Airteagal 8

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt d'aontachas aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.

2. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

3. Tráth a ionstraimí aontachais a thaisceadh, cuirfidh an Ballstát aontach in iúl céard é an ceann dá chúirteanna is airde a bhfuil nó a mbeidh de cheart aici réamhrialuithe ar cheisteanna i dtaobh léiriú a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 2 (1).

4. Roimh dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm don Bhallstát aontach, glacfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 2 (2), leasuithe ar liosta na gcúirteanna is airde i bpointe (a) d'Airteagal 2 (1).

5. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit aontaigh, arna bhunú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

6. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm maidir le Ballstát aontach 90 lá tar éis dháta a ionstraime aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse 90 lá thuasluaite a dhul in éag.

Airteagal 9

1. Gan dochar d'Airteagail 2 (2) agus 8 (4), féadfaidh gach Ballstát is Páirtí sa Phrótacal seo, nó an Coimisiún, leasuithe ar an bPrótacal seo a mholadh. Cuirfear gach togra do leasú chuig an taiscí agus cuirfidh seisean ar aghaidh chuig an gComhairle é.

2. Glacfaidh an Chomhairle leasuithe ar an bPrótacal seo agus molfaidh sí iad lena nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

3. Tiocfaidh na leasuithe arna nglacadh amhlaidh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7.

Airteagal 10

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.

2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* fógraí, ionstraimí agus cumarsáidí a bhaineann leis an bPrótacal seo.

En fe de lo cual los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Protocolo.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne protokol.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter dieses Protokoll gesetzt.

Σε πίστωση των ανωτέρω, οι υπογράφοντες πληρεξούσιοι έθεσαν την υπογραφή τους κάτω από το παρόν πρωτόκολλο.

In witness whereof, the undersigned Plenipotentiaries have signed this Protocol.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas du présent protocole.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente protocollo.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit Protocol hebben gesteld.

Em fé do que, os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no presente protocolo.

Tämän vakuudeksi alla mainitut täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän pöytäkirjan.

Till bevis härpå har undertecknade befullmäktigade undertecknat detta protokoll.

Hecho en Bruselas, el veintiséis de mayo de mil novecientos noventa y siete, en un ejemplar único, en lenguas alemana, inglesa, danesa, española, finesa, francesa, griega, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, cuyos textos son igualmente auténticos y que será depositado en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea.

Udfærdiget i Bruxelles, den seksogtyvende maj nitten hundrede og syvoghalvfems, i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, hvilke tekster alle har samme gyldighed og er deponeret i arkiverne i Generalsekretariatet for Rådet for Den Europæiske Union.

Geschehen zu Brüssel am sechsundzwanzigsten Mai neunzehnhundertsiebenundneunzig in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι έξι Μαΐου χίλια εννιακόσια ενενήντα επτά, σε ένα μόνο αντίτυπο, στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα, όλα δε τα κείμενα είναι εξίσου αυθεντικά και κατατίθενται στα αρχεία της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης.

Done at Brussels, on the twenty-sixth day of May in the year one thousand nine hundred and ninety-seven, in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original remaining deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

Fait à Bruxelles, le vingt-six mai mil neuf cent quatre-vingt-dix-sept, en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, tous ces textes faisant également foi, exemplaire qui est déposé dans les archives du Secrétariat général du Conseil de l'Union européenne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an séú lá is fiche de Bhealtaine sa bhliain míle naoi gcéad nócha a seacht, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Fatto a Bruxelles, addì ventisei maggio millenovecentonovantasette, in unico esemplare in lingua danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, i testi di ciascuna di queste lingue facenti ugualmente fede, esemplare depositato negli archivi del Segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea.


Gedaan te Brussel, de zesentwintigste mei negentienhonderd zevenennegentig, in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt neergelegd in het archief van het Secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie.

Feito em Bruxelas, em vinte e seis de Maio de mil novecentos e noventa e sete, em exemplar único, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, fazendo igualmente fé todos os textos, depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia.

Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäkuudentena päivänä toukokuuta vuonna tuhatyhdeksänsataayhdeksänkymmentäseitsemän yhtenä ainoana kappaleena englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalin, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä kaikkien näiden tekstien ollessa yhtä todistusvoimaiset, ja se talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon.

Utfärdat i Bryssel den tjugosjätte maj nittonhundranittiosju i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska, varvid alla texter är lika giltiga, och deponerat i arkiven vid generalsekretariatet för Europeiska unionens råd.


Pour le gouvernement du royaume de Belgique
Voor de regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark




Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland



Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España




Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du grand-duché de Luxembourg




Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden




Für die Regierung der Republik Österreich



Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På Konungariket Sveriges vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland

